# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marks)

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 1 | A | • An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Buaicphointe(í) sármhaith(e).<br>• Modhnú sármhaith.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 34 – 40 |
| | B | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint fhíormhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• An-dea-fhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Buaicphointe(í) an-mhaith<br>• Modhnú an-mhaith.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 28 – 33 |
| | C | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Pointí sosa breactha go maith.<br>• Modhnú gan deimhniú.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe.<br>• Tuiscint mhaith ar eolas teicniúil. | 22 – 27 |
| | D | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Forbairt éigin ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint éigin ar chothromaíocht idir mhíreanna<br>• Modhnú gan rath.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe.<br>• Tuiscint réasúnta ar eolas teicniúil. | 16 – 21 |
| | E | • Is beag ábhar séiseach agus rithimeach atá ann.<br>• Droch-chruth ar an iomlán.<br>• Is beag an tuiscint ar an struchtúr.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú.<br>• Gan iarracht ar mhodhnú.<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach / comharthaí mothúcháin ar iarraidh<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe / gan aon uirlis roghnaithe<br>• Is beag an tuiscint ar eolas teicniúil. | 10 – 15 |
| | F | • Gan aon ábhar séiseach nó rithimeach, nó fíorbheagán de.<br>• Gan mórán crutha nó gan aon chruth, gan tuiscint ar an struchtúr ná ar eolas teicniúil nó gan ach fíorbheagán tuisceana. | 0 - 9 |

| **C** | **Tuairiscíní** | | **Marc** |
|---|---|---|---|
| **2** | **A** | • Stíl agus samhlaíocht sármhaith á léiriú.<br>• Nascadh sármhaith idir focail agus ceoil.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Sárthuiscint ar bhuaicphointe.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 34 – 40 |
| | **B** | • An-éifeachtach ó thaobh na séise agus na rithime de.<br>• Nascadh an-mhaith idir focail agus ceoil.<br>• Tuiscint fhíormhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint an-mhaith ar bhuaicphointe.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 28 – 33 |
| | **C** | • Tuiscint mhaith ar scríobh séise.<br>• Cóiriú maith ar na focail.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint mhaith ar bhuaicphointe.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 22 – 27 |
| | **D** | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach.<br>• Tuiscint réasúnta ar chóiriú focal.<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint éigin ar bhuaicphointe.<br>• Tuiscint réasúnta ar eolas teicniúil.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach. | 16 – 21 |
| | **E** | • Is beag ábhar séiseach ná tuiscint ar ghléas atá ann.<br>• Iarracht ar chóiriú focal.<br>• Droch-chruth agus drochstruchtúr ar an iomlán<br>• Is beag an tuiscint ar bhuaicphointe.<br>• Is beag an tuiscint ar eolas teicniúil.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach / comharthaí mothúcháin ar iarraidh | 10 – 15 |
| | **F** | • Is fíorbheag ábhar séiseach agus tuiscint ar ghléas atá ann.<br>• Gan cóiriú ach ar éigean ar fhocail.<br>• Gan mórán crutha nó gan aon chruth, gan tuiscint ar struchtúr nó gan ach fíorbheagán tuisceana.<br>• Gan ach fíorbheagán tuisceana ar struchtúr ná ar eolas teicniúil. | 0 - 9 |
| | | • Gan iarracht ar chóiriú focal. | 0 |

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 3 | **A** | • An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar chothromaíocht.<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Buaicphointe(í) sármhaith(e).<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go gléasta.<br>• Cloíonn go sármhaith leis an struchtúr tugtha.<br>• Tá an míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 34 – 40 |
| | **B** | • Tuiscint an-mhaith ar shéis.<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar chothromaíocht.<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Buaicphointe(í) an-mhaith<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go maith.<br>• Cloíonn go han-mhaith leis an struchtúr tugtha.<br>• An míriú ag teacht leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe. | 28 – 33 |
| | **C** | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar chothromaíocht.<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Pointí sosa breactha.<br>• Iarracht mhaith ar rithim an damhsa a choinneáil.<br>• Cloíonn go maith leis an struchtúr tugtha.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe.<br>• Forbairt mhaith ar eolas teicniúil. | 22 – 27 |
| | **D** | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach.<br>• Tuiscint éigin ar chruth agus ar chothromaíocht.<br>• Forbairt éigin ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint éigin ar chothromaíocht idir mhíreanna.<br>• Coinnítear iomláine na rithime sa damhsa go réasúnta maith.<br>• Cloíonn go réasúnta maith leis an struchtúr tugtha.<br>• An míriú ag teacht i gcoitinne leis an tséis a cumadh.<br>• Comharthaí mothúcháin oiriúnacha curtha isteach.<br>• Uirlis oiriúnach roghnaithe.<br>• Tuiscint réasúnta ar eolas teicniúil. | 16 – 21 |
| | **E** | • Gan mórán ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Droch-chruth agus easpa cothromaíochta ar an iomlán.<br>• Gan mórán tuisceana ar rithim an damhsa.<br>• Is beag a chloítear leis an struchtúr tugtha.<br>• Drochthuiscint ar mhíriú.<br>• Comharthaí mothúcháin neamhoiriúnacha curtha isteach/ comharthaí mothúcháin ar iarraidh<br>• Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe/gan aon uirlis roghnaithe<br>• Beag an tuiscint ar eolas teicniúil. | 10 – 15 |
| | **F** | • Gan mórán crutha nó gan aon chruth, gan tuiscint ar an struchtúr ná ar eolas teicniúil nó gan ach fíorbheagán tuisceana.<br>• Gan tuiscint nó gan mórán tuisceana ar rithim an damhsa.<br>• Is beag a chloíonn nó ní chloíonn ar chor ar bith leis an struchtúr tugtha. | 0 - 9 |

**ROINN B – ARMÓIN (60 marks)**

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th colspan="2">Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="8">4</td><td rowspan="6">Séis</td><td>A</td><td>An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis agus sárthuiscint ar an ngléas, ar an mbunstruchtúr armónach agus ar fhorbairt smaointe oscailte. Buaicphointe(í) sármhaith(e).</td><td>34 – 40</td><td rowspan="6">40</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr. Ceolmhar, agus tuiscint an-mhaith ar an ngléas agus ar an struchtúr armónach, agus buaicphointe(í) an-mhaith. Forbairt mhaith déanta ar smaointe oscailte.</td><td>28 – 33</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach agus tuiscint mhaith ar an ngléas agus ar an struchtúr armónach. Pointí sosa breactha go maith agus forbairt mhaith ar smaointe oscailte.</td><td>22 – 27</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach agus tuiscint mhaith ar an ngléas agus ar an struchtúr armónach. Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar chothromaíocht idir mhíreanna. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth.</td><td>16 – 21</td></tr>
<tr><td>E</td><td>Gan mórán ábhar séiseach agus rithimeach. Gan mórán tuisceana ar struchtúr. Oireann roinnt nótaí do na cordaí.</td><td>10 – 15</td></tr>
<tr><td>F</td><td>Gan chruth. Ní oireann ach fíorbheagán nótaí do na cordaí.</td><td>0 - 9</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td colspan="2">0.5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda má bhíonn an nóta tribile sa tséis ceart freisin. (0.5 × 21)</td><td>10.5</td><td rowspan="2">20</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, ar stíl agus ar eolas teicniúil<br><table><tr><th>Cáilíocht na Dordlíne</th><th></th></tr><tr><td>Dordlíne shármhaith; ceolmhar agus sárthuiscint ar stíl;</td><td>8 – 9.5</td></tr><tr><td>Dordlíne an-mhaith; ceolmhar agus tuiscint an-mhaith ar stíl;</td><td>6 – 7</td></tr><tr><td>Dordlíne mhaith; ceolmhar agus tuiscint mhaith ar stíl;</td><td>4 - 5</td></tr><tr><td>Dordlíne réasúnta maith; réasúnta ceolmhar agus tuiscint éigin ar stíl;</td><td>2 - 3</td></tr><tr><td>Dordlíne neamhcheolmhar; gan a bheith ag teacht leis an stíl thugtha.</td><td>0 - 1</td></tr></table></td><td>9.5</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td>1 mharc do gach corda ar chuid de réimniú maith é.</td><td>24</td><td rowspan="2">37</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht fhoriomlán na réimnithe cordaí agus na ndúntaí<br><br>Cáilíocht na Réimnithe Cordaí<br>Réimnithe cordaí sárcheolmhar. — 11 – 13<br>Réimnithe cordaí an-cheolmhar — 8 - 10<br>Réimnithe cordaí ceolmhar — 5 – 7<br>Réimnithe cordaí réasúnta ceolmhar — 3 - 4<br>Réimnithe cordaí lag — 0 - 2</td><td>13</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail chorda atá ceart</td><td>11</td><td rowspan="2">23</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-airítear tuiscint ar cheolmhaireacht, ar stíl agus ar eolas teicniúil.<br><br>Cáilíocht na Dordlíne<br>Dordlíne shármhaith; ceolmhar agus sárthuiscint ar stíl; — 11 – 12<br>Dordlíne an-mhaith; ceolmhar agus tuiscint an-mhaith ar stíl; — 8 - 10<br>Dordlíne mhaith; ceolmhar agus tuiscint mhaith ar stíl; — 5 – 7<br>Dordlíne réasúnta maith; réasúnta ceolmhar agus tuiscint éigin ar stíl; — 3 - 4<br>Dordlíne neamhcheolmhar; gan a bheith ag teacht leis an stíl thugtha. — 0 - 2</td><td>12</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th colspan="2">Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="7">6</td><td>Cordaí</td><td colspan="2">1 mharc do gach corda a oireann don tséis agus do na línte forshéise agus ar cuid de réimniú maith corda é. (1 × 19)<br>Trí dhúnadh chearta.</td><td>19<br>1</td><td>20</td></tr>
<tr><td rowspan="6">Forshéis</td><td>A</td><td>Líne na séise sármhaith laistigh den chreat armónach. Cloíonn go sármhaith le stíl dhá pháirte tríd síos.</td><td>34 – 40</td><td rowspan="6">40</td></tr>
<tr><td>B</td><td>Líne na séise an-mhaith, agus oireann go maith thar an struchtúr armónach. Coinnítear stíl dhá pháirte na hoscailte tugtha go han-mhaith.</td><td>28 – 33</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Líne na séise agus an cruth maith. Oireann an tséis don struchtúr armónach. Iarracht mhaith ar stíl dhá pháirte na hoscailte a choinneáil.</td><td>22 – 27</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Líne na séise agus an cruth réasúnta. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth. Iarracht éigin ar stíl dhá pháirte na hoscailte a choinneáil.</td><td>16 – 21</td></tr>
<tr><td>E</td><td>Oireann roinnt de na nótaí do na cordaí. Is beag iarracht atá déanta an stíl a choinneáil. Is beag tuiscint atá ann ar an struchtúr. Is beag tuiscint atá ann ar eolas teicniúil.</td><td>10 – 15</td></tr>
<tr><td>F</td><td>Ní oireann ach cornnóta do na cordaí. Gan mórán iarrachta ar an stíl a choinneáil. Eolas teicniúil an-lag.</td><td>0 - 9</td></tr>
</table>

| | **Tuairiscíní** | **Marc** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| **A** | Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta, agus sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta, an ionstraimithe nó an chóiriúcháin. Nodaireacht oiriúnach agus cur síos mionsonraithe ar phróiseas na cumadóireachta san áireamh. | 85 – 100 | **100** |
| **B** | Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, smacht an-mhaith á léiriú ar scileanna cumadóireachta, nodaireacht oiriúnach. Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta. | 70 – 84 | |
| **C** | Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, agus smacht maith ar ghnéithe ceoil, nodaireacht oiriúnach. Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta. | 55 – 69 | |
| **D** | Buntuiscint ar an gcumadóireacht gan mórán fianaise ar úrmhaireacht. Nodaireacht imleor agus cur síos imleor ar phróiseas na cumadóireachta. | 40 – 54 | |
| **E** | Ní léiríonn an t-ábhar a chuirtear i láthair mórán fianaise ar bhunscileanna na cumadóireachta. Gan nodaireacht imleor. Gan aon mhionsonra de phróiseas na cumadóireachta sa chur síos. | 25 – 39 | |
| **F** | Gan aon fhiúntas nó gan ach beagán fiúntais. Gan nodaireacht leis an gcumadóireacht. Gan aon chur síos ar próiseas na cumadóireachta san áireamh. | 0 - 24 | |


## Nótaí Ginearálta do na Scrúdaitheoirí

- Déan cáilíocht fhoriomlán na ráiteas agus na gcur síos a mharcáil. Ní féidir lánmharcanna a bhronnadh ach amháin as ráiteas nó as cur síos atá ceart ina iomláine.

- Aon áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná ceist amháin, marcáil na freagraí go léir agus bronn na marcanna a ghnóthaítear leis an bhfreagra is fearr.

- I gceisteanna ina n-iarrtar ar na hiarrthóirí líon áirithe gnéithe nó uirlisí, etc. a shainaithint, a ainmniú nó a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart freagra ceart.


- I gceisteanna ina n-iarrtar ar na hiarrthóirí **cur síos** a dhéanamh ar líon áirithe gnéithe, marcáil na freagraí go léir agus roghnaigh an freagra nó an dá fhreagra is fearr, de réir mar atá leagtha síos sa cheist.

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Sliocht 1 | | *Choinséartó don Phianó i Mórghléas A K488 le Mozart*<br>*An chéad ghluaiseacht, na barraí 61 – 82* | | 8 | 25 |
| | | (i) | An (dara) foilsiú (pianó / aonréid) | 2 | | |
| | | (ii) | Cordaí briste mar fhigiúr tionlacain. Sa sliocht seo seinntear ar an bpianó é leis an lámh chlé<br><br>(Figiúr) corda briste = 2<br>Airpéitse = 0<br>Tagairt do phatrún de nótaí malartacha = 1<br><br>Suas le 3 mharc as ráiteas láncheart. | 3 | | |
| | | (iii) | Barra 5<br>Téaduirlisí amháin | 1<br>1 | | |
| | | (iv) | Dúnadh foirfe (lándúnadh) | 1 | | |
| | Sliocht 2 | | *An chéad ghluaiseacht, na barraí 98 – 114* | | 9 | |
| | | (i) | E mór | 1 | | |
| | | (ii) | <br>0.5 de mharc in aghaidh gach nóta atá ceart *san áit a bhfuil an rithim ceart freisin*. | 4 | | |
| | | (iii) | Dhá cheann ar bith:<br>fliúit / basún / veidhlín<br>Glac le veidhlín 1 / veidhlín 2<br>téaduirlisí = 0 | 1 + 1 | | |
| | | (iv) | ochtaigh (bhriste, síos agus suas); ochtaigh/scálaí; gluaisne chrómatach; gluaisne leathchamáin; seicheamhach; (mír) ornáideach / mhaisithe den tséis.<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos láncheart. | 2 | | |
| | Sliocht 3 | | *An chéad ghluaiseacht, na barraí 170 – 189* | | 8 | |
| | | (i) | Forleathnú | 1 | | |
| | | (ii) | Nóta troitheánach + aithris | 1 + 1 | | |
| | | (iii) | Seinneann an t-aonréadaí sleachta fada de leathchamáin reatha i gcoinne na haithrise sna gaothuirlisí (cláirnéid + fliúit);<br>Suas le 2 mharc as aon chur síos ceart ar an gceol a sheinneann an t-aonréadaí i gcontrárthacht leis an gceol a sheinneann an cheolfhoireann. | 2 | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | (iv) | Foirm shonáideach<br><br>foilsiú dúbailte (nó intreoir + foilsiú (pianó)) + forbairt + athsheinm; Cur síos ceart ar struchtúr na tonúlachta; AABA (más cur síos ar an bhfoirm shonáideach ) = 1<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos ceart ar an bhfoirm shonáideach sa ghluaiseacht seo. | 1<br><br>2 | | |

**C1, Sliocht 3, Cuid (iii)**
*Mar gheall ar earráid ar an leagan Gaeilge den pháipéar, iarradh ar na hiarrthóirí tagairt a dhéanamh don cheol a sheinneann an 'cheolchoirm' in ionad tagairt don cheol a sheinneann an 'cheolfhoireann'.*


*Dá bhrí sin, aon iarrthóir a d'fhreagair trí Ghaeilge agus ar léir deacracht a bheith aige/aici C1, Sliocht 3, Cuid (iii) a fhreagairt, bronnfar lánmharcanna (2 mharc) air/uirthi sa chuid sin den cheist.*

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | | *When I'm Sixty-four le John Lennon agus Paul McCartney*<br>*Na barraí 1 - 38* | | | 10 | 10 |
| | | (i) | 6<br><br>Trí cheann ar bith:<br>cláirnéid(í); dordchláirnéid; dord; drumaí nó sreangdhruma; 0.5 marc an cheann | 1<br><br>1.5 | | |
| | | (ii) | Dhá ghné cheart ar bith:<br>crómatach; bunaithe ar nótaí an tríchorda; Rithim shioncóipithe; rithim phoncaithe. | 1 + 1 | | |
| | | (iii) |  | 1 | | |
| | | (iv) | Suas le 2 mharc as cur síos cruinn ar uigeacht aon ghné den cheol sna línte 5-6: ceol gutha, tionlacan nó an dá chuid le chéile. | 2 | | |
| | | (v) | stíl snagcheoil / na hallaí ceoil / ragcheoil; cónascadh ('comhleá') de phopcheol agus d'aon cheann díobh sin. Glac le stíl chlasaiceach mar chuid de chónascadh ceart. 'pop' = 0<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí ar stíl cheart. | .5<br><br>2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3** | | | *Symphonie Fantastique le Berlioz*<br>*An dara gluaiseacht, na barraí 38 – 69* | | **10** | **10** |
| | | (i) | Veidhlín(í) / Veidhlín 1<br>Veidhlín 2 = 0<br><br>Seinntear réthionlacan i stíl válsa Víneach ar na téaduirlisí eile / Vln 2, Vla, Vc agus Cb. Seinntear an dordnóta ar an gcéad bhuille de gach barra agus seinntear na nótaí eile ar buille 2 agus 3.<br><br>Cur síos bailí ar bith. | 1<br><br><br>2 | | |
| | | (ii) | Cordaí briste *pizzicato* | 2 | | |
| | | (iii) | Cuireadh cordaí briste ar an gcruit leis an cheol; cloistear séis nua ar veidhlín 1; baintear úsáid as nótaí athdhéanta síos agus as tríphléadaigh; ní thosaíonn an tséis seo le buille suas; athraíonn an tionlacan – ní réthionlacan é a thuilleadh; tá an tionlacan níos ‘gnóthaí’ toisc go bhfuil luachanna na rithime laghdaithe dá leath / luachanna na nótaí níos giorra; cuirtear fliúit agus cláirnéid / gaothuirlisí leis an gceol (sna barraí deiridh) agus cloistear scála suas á sheinm orthu.<br><br>Suas le 2 mharc as aon difríocht bhailí. | 2 | | |
| | | (iv) | An corda tonach (I) | 1 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí ar an gceol aon ait sna barraí 69 – 93 den ghluaiseacht seo. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | | | *Seachanges with Danse Macabre le Raymond Deane*<br>*Na barraí 93 – 118* | | 10 | 10 |
| | | (i) | Dies Irae | 1 | | |
| | | (ii) | Veidhlín – 2<br>Guíoró – 3<br>Marimba – 1 | 2 | | |
| | | (iii) | Canóin / Aithris / Inbhéartú (Aisiompú)<br><br>Tá canóin 2 pháirte ann idir an marimba agus an veidhlín. Tá an aithris san airde chéanna agus i gceann achar barra amháin. Inbhéartaítear (aisiompaítear) an Dies Irae (i mbarra 93). | 1<br><br>2 | | |
| | | (iv) | Seinn leis an mbogha ar an droichead (nó in aice leis).<br>Trasna an droichid = 0 | 1 | | |
| | | (v) | Suas le 3 mharc as cur síos ar dhá thionchar bhailí ar a laghad mar a léirítear in *Seachanges with Danse Macabre* iad.<br>Cur síos ar thionchar amháin = 1.5<br><br>Áirítear ar na tionchair: Na Mariachi; cósta an Aigéin Chiúin i Meicsiceo; an dútheas; na Meicsicigh a bheith gafa go mór leis an mbás. | 3 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5A | Sliocht 1 | (i) | Sean-nós<br>Amhránaíocht (thraidisiúnta) na hÉireann = 0 | 1 | 5 | 25 |
| | | (ii) | Trí ghné bhailí ar bith mar a chloistear sa sliocht iad:<br>Amhránaíocht aonair / gan tionlacan; ornáidiú; saor-rithim; ton srónach; vibrato<br><br>Tagairt don dinimic / don mhothúchán = 0 | 1+1+1 | | |
| | | (iii) | Raon leathan | 1 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | Port (singil / dúbailte).<br>Port luascach = 0<br>Sé thar a hocht<br>Barra ceart ar bith de rithim an phoirt | 1<br><br>.5<br>1 | 5 | |
| | | (ii) | Ríl<br>Polca = 0<br>4 thar 4 / 2 thar 4 / 2 thar 2<br>Barra ceart ar bith de rithim na ríle | 1<br><br>.5<br>1 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | Dhá gné cheart ar bith:<br>Ornáidiú (tríphléadaigh); seachtach maol; fonn damhsa/ríl; cnámha le cloisteáil. | 1+1 | 5 | |
| | | (ii) | Suas le 3 mharc as gné neamh-thraidisiúnta cheart amháin agus as cur síos ceart ar an gcaoi a gcloistear sa sliocht é. | 3 | | |
| 5B | **Suas le 10 marc as cáilíocht na bhfreagraí agus as an eolas ar an topaic a roghnaíodh** | | | | 10 | |
| | **A** | | Sárthuiscint agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | | |
| | **B** | | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe. | 8-9 | | |
| | **C** | | Eolas maith ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 6-7 | | |
| | **D** | | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | | |
| | **E** | | Freagairt neamhleor don topaic roghnaithe ar an iomlán. | 2-3 | | |
| | **F** | | Gan freagairt ach ar éigean don topaic roghnaithe le feiceáil. | 1 | | |
| | **NG** | | Gan freagairt ar bith don topaic roghnaithe le feiceáil. | 0 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Sliocht 1 | (i) | 8 | 1 | 6 | 20 |
| | | (ii) |  | 2 | | |
| | | (iii) | Gluaisne chrómatach | 1 | | |
| | | (iv) | Rithim shioncóipithe; sleamhnáin snagcheoil ; lúbanna gutha; seachtráin; nótaí snagcheoil / maola; stíl ragcheoil ar an bpianó; an rogha uirlisí (stíl Dixieland); tagairt cheart don tobchumadh;<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí. | 2 | | |
| | Sliocht 2 | (i) | 3 | 1 | 6 | |
| | | (ii) | Tionlacan bog cordúil ar an bpianó; réthionlacan cosúil le válsa;<br>Cordaí briste sa tionlacan = 0 | 2 | | |
| | | (iii) | Seicheamh | 1 | | |
| | | (iv) | Líne 5 / Líne 5 agus an 1ú nóta de líne 6 nó tús líne 6; | 2 | | |
| | Sliocht 3 | (i) | Cordaí briste; pianó / méarchlár | 1 + 1 | 8 | |
| | | (ii) | Nóta fada (marthanach / a choinnítear) (ar airde ard);<br>nóta troitheánach; | 2 | | |
| | | (iii) | Figiúr gearr maisithe a críochnaíonn le tríleach le cloisteáil ar an bhfliúit<br>Fliúit/fliúiteog/Gaothuirlis = 1 + cur síos = 2 | 2 | | |
| | | (iv) | Tá cór/guthanna taca/níos mó guthanna le cloisteáil / le cloisteáil níos fearr; (glac le “curtha leis”); foireann drumaí curtha leis an gceol; Tá ré fuaime na nótaí i líne 10 níos faide; Tá buaicphointe mór ag an deireadh; Tá na prásuirlisí agus an chruit le cloisteáil sna barraí deiridh; níos glóraí; níos moille ag an deireadh;<br><br>Cur síos bailí ar dhifríocht amháin. | 2 | | |

| Gné | | Tuairiscíní | | Marc | Fo-iom | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Taifeadadh** | | Bronntar marcanna as 10 sliocht ábhartha.<br>Ní bhronntar aon mharc más léir gur dubáladh an téip.<br>Bain 0.5 marc an ceann i gcás sleachta atá go mór os cionn 30 soicind. | | 10 | **10** | **100** |
| **Páipéar** | **1** | Ainm na topaice | | – | | |
| | **2-4** | **A** | Tuiscint shármhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. Tagairt shármhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde sármhaith le haithint, agus freagairt phearsanta shármhaith. Na foinsí sármhaith. Tagairtí sármhaithe do dhréachtaí ceoil / don chumadóir / don cheoltóir. | 77 – 90 | **90** | |
| | | **B** | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe. Tagairt an-mhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde an-mhaith déanta, agus freagairt phearsanta an-mhaith. Na foinsí an-mhaith. Tagairtí an-mhaith do dhréachtaí ceoil / don chumadóir / don cheoltóir. | 63 – 76 | | |
| | | **C** | Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh. Tagairt mhaith do thaifeadtaí ceoil. Taighde imleor le haithint. Fianaise éigin ar fhreagairt phearsanta. Na foinsí maith. Tagairtí maithe do dhréachtaí ceoil / don chumadóir / don cheoltóir. | 50 – 62 | | |
| | | **D** | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic ach gan aon mhionsonraí ann. Gan ach fíorbheagán fianaise ar thaighde nó ar fhreagairt phearsanta. An topaic roghnaithe róleathan chun freagairt phearsanta, mhionsonraithe, chuí a bheith ann. Gan mórán tagartha ann do ghnéithe ceoil na topaice ná do thaifeadtaí ceoil. Foinsí ginearálta in úsáid gan fócas faoi leith acu. Tagairt éigin do dhréachtaí ceoil / don chumadóir / don cheoltóir. | 36 – 49 | | |
| | | **E** | Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic roghnaithe. Gan aon fhianaise ar thaighde ná ar fhreagairt phearsanta. Gan aon tagairt do thaifeadtaí ceoil. Foinsí neamhleor liostaithe. Gan tagairt do dhréachtaí ceoil / don chumadóir / don cheoltóir. | 23 – 35 | | |
| | | **F** | Is beag an fhreagairt don topaic roghnaithe atá le haithint. | 9 – 22 | | |
| | | **NG** | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe. | 0 - 8 | | |

**Féach ar Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta – leathanach 12 – 2.3.5**

Leathanach Bán

Leathanach Bán